



CUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID

Tá an Coimisiún freagrach as an mbuiséad a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit, faoi réir grinnscrúdú polaitiúil ó Pharlaimint na hEorpa.

BUNÚS DLÍ

- Airteagail 290-291, Airteagail 317-319 agus Airteagail 321-323 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 179 de Chonradh Euratom;
- An Rialachán Airgeadais, i.e. Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012^[1];
- Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais^[2].

CUSPÓIR

Tá an Coimisiún freagrach as ioncam agus caiteachas an bhuiséid a chur chun feidhme i gcomhréir leis na Conarthaí, i gcomhréir leis na forálacha agus na treoracha arna leagan amach sa Rialachán Airgeadais, agus laistigh de theorainn na leithreasuithe a údaraítear (1.4.3).

Oibríonn na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún ionas go n-úsáidtear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, i.e. barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht.

CUR SÍOS

A. An bunsásra

Tá dhá phríomhoibríocht bainteach le cur chun feidhme an bhuiséid: gealltanais agus íocaíochtaí. Ó thaobh caiteachas a ghealladh, déantar cinneadh suim áirithe ó líne bhuiséadach ar leith a úsáid chun gníomhaíocht ar leith a mhaoiniú. Chomh luath agus

[1] IO L 193, 30.7.2018, Ich. 1.

[2] IO C 373, 20.12.2013, Ich. 1.



a bhíonn na gealltanais dhlíthiúla chomhfhreagracha (e.g. conarthaí) bunaithe, agus a bhíonn an tseirbhís, obair nó soláthairtí conarthacha seachadta, déantar an caiteachas a údarú agus íoctar na suimeanna dlíte.

B. Modhanna cur chun feidhme

Féadfaidh an Coimisiún an buiséad a chur chun feidhme ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- Go díreach ('bainistiú díreach') lena ranna, nó trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin;
- Faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit, ('bainistiú comhroinnte');
- Go hindíreach ('bainistiú indíreach'), trí chúraimí a bhaineann leis an mbuiséad a chur chun feidhme a chur ar eintitis nó ar dhaoine, e.g. tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eile.

Sa chleachtas, caitear thart ar 76% den bhuiséad faoi 'bhainistíocht chomhroinnte' (ina bhfeictear cistiúcháin á ndáileadh agus caiteachas á bhainistiú ag na Ballstáit), caitear 22% faoi 'bhainistíocht dhíreach' ón gCoimisiún nó óna ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin, agus caitear an 2% atá fágtha faoi 'bhainistíocht indíreach'^[3].

Cuirtear faisnéis ar fáil leis an gCóras um Thrédhearacht Airgeadais^[4] maidir le tairbhíthe na gcistí arna mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún; liostaítear freisin tairbhíthe an Chiste Eorpaigh Forbraíochta. Os a choinne sin, tá gach aon Bhallstát freagrach as sonraí a fhoilsiú maidir le tairbhíthe na gcistí a riarann siad faoi bhainistíocht indíreach agus faoi bhainistíocht chomhroinnte^[5].

Sonraítear in Airteagal 317 CFAE nach mór don Choimisiún an buiséad a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit, agus, sa bhreis air sin, nach mór go leagfaí síos sna rialacháin arna ndéanamh de bhun Airteagal 322 CFAE oibleagáidí rialaithe agus iniúcháireachta na mBallstát i gcur chun feidhme an bhuiséid agus na freagrachtaí a thagann as an méid sin.

Ina theannta sin, i gcomhthéacs níos leithne chur chun feidhme reachtaíocht AE, leagtar amach in Airteagal 290 agus in Airteagal 291 CFAE na forálacha lena rialaítear na cumhachtaí tarmligthe agus na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún agus, go háirithe, an rialú a fheidhmíonn na Ballstáit, an Chomhairle, agus Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún i dtaca leis sin.

De réir Airteagal 290 CFAE, féadfar a tharmligeán chuig an gCoimisiún le gníomh reachtach an chumhacht gníomhartha neamhreachtacha a ghlacadh chun 'gnéithe neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach' a fhorlónadh. Tá sé de cheart ag an bParlaimint agus ag an gComhairle an tarmligeán cumhachta sin chuig an gCoimisiún a chúlghairm, nó agóid a dhéanamh ina aghaidh, rud a chuirfeadh cosc ar a theacht i bhfeidhm.

[3] Sonraí arna soláthar ag Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid sa Choimisiún.

[4] http://ec.europa.eu/budget/fts/index_en.htm

[5] Mar sin féin, déantar léarscáil lena soláthraítear naisc chuig suíomhanna gréasáin a riarann na Ballstáit iad (agus is iad na Ballstáit amháin atá freagrach as ábhar na suíomhanna) a chur ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/funding-recipients_ga



Rialaítear le hAirteagal 291 na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún. De bhrí go ndéantar coinníoll de in Airteagal 291(1) CFAE go bhfuil na Ballstáit freagrach as bearta uile an dlí náisiúnta is gá a ghlacadh chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun feidhme, foráiltear in Airteagal 291(2) CFAE go dtabharfar leis na gníomhartha sin cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún nó, i gcás Airteagail 24 agus 26 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), don Chomhairle, 'nuair is gá coinníollacha comhionanna chun gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a chur chun feidhme'. De bhun Airteagal 291(3) CFAE, déanann an Pharlaimint agus an Chomhairle, trí bhíthin rialachán, na rialacha a leagan síos a bhaineann le sásraí maidir le rialú ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.

Cuirtear mar fhorlíonadh le hAirteagal 291 CFAE Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún^[6]. Feidhmítear an rialú sin trí choistí ar a bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit agus a bhfuil ionadaí ón gCoimisiún sa chathaoir orthu. Leagtar síos sa rialachán dhá chineál nós imeachta nua, nósanna imeachta is infheidhme ag brath ar raon feidhme an ghnímh atá i gceist: faoin nós imeachta scrúdúcháin, ní fhéadann an Coimisiún an beart a ghlacadh más é gur thug an coiste tuairim dhiúltach; faoin nós imeachta comhairleach, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún 'an-aird' a thabhairt ar chonclúidí an choiste, ach níl sé faoi cheangal ag an tuairim.

I gcás an buiséad a bheith curtha chun feidhme go mícheart ag na Ballstáit, gearrtar pionós trí nós imeachta an imréitigh cuntas agus trí sheiceálacha incháilitheachta, trína ndéantar admhálacha rialtais náisiúnta ó bhuiséad AE a cheartú trí chistiúcháin a íocadh go mícheart a aisghairm i ndiaidh seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt Iniúchóirí. Déanann an Coimisiún cinntí a bhaineann leis na ceartúcháin sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta thuasluaite maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme (1.4.5).

Tá cur chun feidhme an bhuiséid in earnálacha áirithe cáinte go rialta ag an gCúirt Iniúchóirí (1.3.12).

C. Rialacha cur chun feidhme

Cuimsítear sa Rialachán Airgeadais na prionsabail agus na rialacha uile lena rialaítear cur chun feidhme an bhuiséid. Tá gné chothrománach ann, agus é infheidhme maidir le gach réimse caiteachais agus gach ioncam. Is féidir teacht ar thuilleadh rialacha is infheidhme maidir le cur chun feidhme an bhuiséid i rialacháin earnáilbhunaithe lena gcuimsítear beartais ar leith de chuid AE.

Glacadh an chéad Rialachán Airgeadais an 21 Nollaig 1977. Glacadh an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe is déanaí in 2012 i ndiaidh nós imeachta reachtach ar chuir an Coimisiún tús leis in 2010 agus comhairliúchán poiblí a rinneadh roimhe in 2009. Leasaíodh é ina dhiaidh sin, i mí na Bealtaine 2014 agus arís i nDeireadh Fómhair 2015.

[6] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.



I Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún togra síos le haghaidh Rialachán Airgeadais nua a chuirfí in áit an rialacháin atá ann faoi láthair (mar aon le rialacha maidir lena chur i bhfeidhm), agus lena leasófaí 14 rialachán earnála eile agus cinneadh amháin, agus rialacha airgeadais i ngach ceann acu sin freisin. Ba iad cuspóirí sonraithe an togra ná leabhar rialacha aonair a bheith ann, agus rialacha airgeadais AE a shimpliú agus a dhéanamh níos solúbtha. Ba iad an Coiste um Buiséid i gcomhar leis an gCoiste um Rialú Buiséadach na coistí a bhí freagrach as sin sa Pharlaimint. Bhí an próiseas reachtach ar siúl go dtí Iúil 2018, tráth a ghlac an Pharlaimint an téacs comhaontaithe i seisiún iomlánach^[7]. Foilsíodh an Rialachán Airgeadais ina dhiaidh sin san Iris Oifigiúil an 30 Iúil 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2018. Mar sin féin, níl feidhm ag aon fhoráil de chuid an Rialacháin nua sin, nach mór, i dtaca le cur chun feidhme leithreasuithe riaracháin Institiúidí an Aontais go dtí an 1 Eanáir 2019^[8].

Is é príomhuirlis an Choimisiúin chun an buiséad a chur chun feidhme, agus chun faireachán a dhéanamh ar a fhorghníomhú, ná córas cuntasáochta ríomhairithe ABAC (cuntasáocht ar bhonn fabhráithe) atá aige. Tá beart déanta ag an gCoimisiún chun na caighdeáin is airde sa chuntasáocht idirnáisiúnta a bhaint amach, go háirithe Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáochta na hEarnála Poiblí (IPSAS) ar bhunaigh Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí iad. Is gné thábhachtach de chur chun feidhme buiséadach é go gcomhlíontar reachtáocht AE is infheidhme maidir le conarthaí soláthair phoiblí (soláthar, oibreacha agus seirbhísí [2.1.10](#)).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ar an gcéad dul síos, agus í ar cheann de dhá bhrainse an údaráis bhuiséadaigh, tá réamhthionchar ag an bParlaimint ar chur chun feidhme buiséad AE trí bhíthin leasuithe agus cinntí a dhéantar i gcomhthéacs an nós imeachta buiséadach ([1.2.5](#)) chun cistiúcháin a leithdháileadh. Féadfaidh an Pharlaimint cinneadh a dhéanamh úsáid a bhaint as sásra cúlta an bhuiséid trína bhféadfaidh an Pharlaimint, má bhíonn aon amhras uirthi maidir le húdar caiteachais nó le cumas an Choimisiúin é a chur chun feidhme, a chinneadh na cistiúcháin arna n-iarraidh a chur sa chúlchiste go dtí go gcuirfidh an Coimisiún fianaise iomchuí ar fáil. Cuirtear an fhianaise sin ar fáil mar chuid d'iarraidh ar chistiúchán a aistriú ón gcúlchiste. Caithfidh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon tograí le haghaidh aistrithe a fhormheas. Ní fhéadfar leithreasuithe a chur chun feidhme go dtí go n-aistrefar ón gcúlchiste iad agus chuig an líne buiséid ábhartha.

Ar an dara dul síos, leis an nós imeachta urscaoilte ([1.4.5](#)) ligtear don Pharlaimint cur chun feidhme an bhuiséid atá ann faoi láthair a rialú. Cé go mbaineann an chuid is mó de na ceisteanna a ardaíodh le tréimhse an urscaoilte, in go leor de na ceisteanna a chuir an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún — laistigh de chreat an nós imeachta urscaoilte — déantar tagairt do chur chun feidhme an bhuiséid atá ann faoi láthair. Cuimsítear sa rún urscaoilte, atá ina chuid bhunúsach den chinneadh urscaoilte, roinnt oibleagáidí agus moltaí atá dírithe chuig an gCoimisiún agus chuig comhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an bhuiséid.

[7]Ghlac an Chomhairle an gníomh ansin an mhí chéanna.

[8]Pointe (c) d'Airteagal 282(3) den Rialachán Airgeadais nua.



De réir Chonradh Liospóin, is í an Pharlaimint, in éineacht leis an gComhairle, atá freagrach as bunú 'na rialacha airgeadais lena sonrú go háirithe an gnáthnós imeachta chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh' (Airteagal 322(1) CFAE).

Ina theannta sin, i mbeagnach gach réimse beartais, imríonn an Pharlaimint tionchar ar chur chun feidhme an bhuiséid trína cuid gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachacha nó go simplí trí cheisteanna ó bhéal nó i scríbhinn a dhíriú chuig an gCoimisiún.

Le blianta beaga anuas, neartaigh an Pharlaimint a smacht polaitiúil ar an gCoimisiún trí ionstraimí a thabhairt isteach lena n-éascaítear malartú faisnéise faoi chur chun feidhme cistí agus faoi líon na ngealltanais le hÍoc (i.e. gealltanais dhlíthiúla nár comhlíonadh fós trí íocaíocht). Is féidir le gealltanais le hÍoc a bheith ina bhfadhb má charntar iad thar thréimhsí níos faide agus, dá bhrí sin, tá brú á chur ag an bParlaimint ar an gCoimisiún smacht a choinneáil orthu sin.

Tá uirlisí nua á bhforbairt chun gur féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar phróiseas an chur chun feidhme agus luach ar airgead chlár AE a fheabhsú. Chun na críche sin, iarrann an Pharlaimint go ndéanfaí Ráitis Gníomhaíochta d'ardcháilíocht (a bheadh le hullmhú ag an gCoimisiún i gcomhthéacs a dhoiciméad oibre maidir leis an réamh-dhréachtbhuiséad ginearálta) agus go gcuirfí anailís rialta isteach ar chost-éifeachtúlacht chlár AE.

Alexandre Mathis
05/2019

